# Coinníollacha oibre

**Éist le triúr ag déanamh cur síos ar an bpost atá acu. Cuir ✔ leis an bhfreagra ceart nó leis na freagraí cearta i ngach cás.**

**Síle**

| | | |
|---|---|---|
| Oibríonn Síle | i mbanc __ | i siopa __ |
| Oibríonn sí | Luan – Aoine __ | ag an deireadh seachtaine __ |
| Tosaíonn sí obair | ag 10.00 a.m. __ | ag 10.00 p.m. __ |
| An maith léi a post? | Is maith __ | Ní maith __ |
| Cén cineál poist é? | Buan __ | Sealadach __ |
| An bhfuil an pá go maith? | Tá __ | Níl __ |

**Máirtín**

| | | |
|---|---|---|
| Oibríonn Máirtín | i scoil chailíní __ | i scoil bheag __ |
| Oibríonn sé | ar maidin __ | an lá ar fad __ |
| Tosaíonn sé obair | ag 8.45 a.m. __ | ag 9.15 a.m. __ |
| Críochnaíonn sé | ag 1.15 p.m. __ | ag 3.45 p.m. __ |
| Cén cineál poist é? | Lánaimseartha __ | Páirtaimseartha __ |

**Imogen**

| | | |
|---|---|---|
| Oibríonn Imogen | in oifig __ | in ospidéal __ |
| An gcaitheann sí éide? | Caitheann __ | Ní chaitheann __ |
| Críochnaíonn sí obair | ag 4.30 p.m. __ | ag 5.00 p.m. __ |
| An maith léi a post? | Is maith __ | Ní maith __ |
| Cén cineál poist é? | Lánaimseartha __ | Sealadach __ |
| An bhfuil an pá go maith? | Tá __ | Níl __ |

# Coinníollacha oibre
# Imogen

**Seo an méid a dúirt Imogen sa mhír éisteachta. Léigh an sliocht seo amach os ard leis an duine atá in aice leat, líne ar líne. Freagair na ceisteanna a ghabhann leis.**

Is rúnaí mé in Ospidéal Thamhlachta. Is post lánaimseartha é agus is maith liom é go mór. Ní post buan é, áfach. Beidh mé dífhostaithe i gceann cúpla mí. Tá an pá an-mhaith – sin rud maith. Caithim éide rúnaí, cosúil le gach rúnaí eile san ospidéal. Tosaím ag obair go moch ar maidin, mar sin téim abhaile ag leathuair tar éis a ceathair. Is breá liom é sin!

**1.** Cén post atá ag Imogen?

____________________________________________________________

**2.** Scríobh amach na briathra atá luaite sa sliocht. Ansin, scríobh san fhoirm dhiúltach iad.

____________________________________________________________

**3.** Cad iad na focail a úsáideann Imogen chun cur síos a dhéanamh ar a stádas oibre?

____________________________________________________________

**4.** Caitheann Imogen éide rúnaí. An gcaitheann tú éide oibre?
Cuir an cheist sin ar an duine atá in aice leat.

____________________________________________________________

**5.** An bhfuil aon chosúlachtaí / difríochtaí idir phost Imogen agus do phost féin?
Cad iad? Cuir an cheist sin ar an duine atá in aice leat.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________